

AR LUCH AGUS AR DHUINE

JOHN STEINBECK

Colmille Ó Monacháin
a d'aistrigh ón bhunleabhar,
Of Mice and Men



An Chéad Eagrán, 2019
An bunleabhar, *Of Mice and Men* © Eastát John Steinbeck
An réamhrá, an t-aistriúchán Gaeilge ar *Of Mice and Men*,
an nóta beathaisnéise © Colmcille Ó Monacháin
An t-eagrán seo © Leabhar Breac 2019
Arna fhoilsiú ag Leabhar Breac faoin inphrionta
Cló Lováin

ISBN: 978-1-911363-22-4

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur, dearadh agus dearadh clúdaigh: Caomhán Ó Scolaí
Íomhá clúdaigh: bunaithe ar ghrianghraf le Dorothea Lange
Clódóireacht: Clódóirí Lurgan

Táimid buíoch de Foras na Gaeilge as maoiniú a chur ar fáil
don fhoilseachán seo.



Foras na Gaeilge

AR LUCH AGUS AR DHUINE

I

Cupla míle taobh theas de Soledad, corann Abhainn Salinas le fána agus caolaíonn sí isteach in aice an bhruaigh, faoin chnoc, áit a moillíonn sí ina linn dhomhain ghlas. Níl uisce na linne sin fuar, óir tá an abhainn tanaí taobh thuas den linn agus tig an t-uisce anuas thar an tanaí, ag sleamhnú thar an ghaineamh bhuí, faoi theas na gréine. Ar thaobh den abhainn tá learga órga na mbunchnoc ag síneadh suas go cuar réidh a fhad le mullaí creagacha Shléibhte Gabilan; ach ar thaobh an ghleanna di tá crainn ag fás ar feadh an bhruaigh — crainn sailí a dtig duilliúr úrghlas orthu san earrach, tráth a mbíonn an bhruscarnach a fhágann tuilte an gheimhridh fós ina luí i ngabhail na ngéag íseal — agus crainn seiceamair fá ghéaga geala breac-choirteacha atá ar cros síneadh amach os cionn na linne. Tá scairbh ghainimh in aice an bhruaigh, faoi na crainn, agus tráth den bhliain bíonn sí cumhdaithe le brat domhain de dhuilleoga feoite a bhíonn chomh tirim briosc agus go ndéanann siad siosarnach le gach scinneadh dá dtugann na laghairteanna fríothu. Tamall roimh chlapsholas, tig na coiníní amach as an scrobarnach agus suíonn abhus agus thall ar an ghaineamh. Agus tá réileáin láibe ansin, iad greagnaithe le loirg racún agus le loirg leata mhadaí na rainsí, agus le loirg scoiltchrúba na bhfianna a thig anuas san oíche le deoch a ól as an abhainn.

Tá cosán fríd na crainn sailí agus seiceamair, cosán atá trampáilte ag rúideanna na mbuachaillí a bhíonn anuas ó na rainsí, maidin agus tráthnóna, le dul a shnámh sa linn dhomhain, agus trampáilte crua ag coiscéimeanna troma na dtramp a thig

anuas ón bhealach mhór go cortha traochta roimh dheireadh lae lena leaba dhearg a dhéanamh in aice uisce. Tá géag mhór íseal ag síneadh as crann seiceamair ollmhór atá in aice an bhruaigh. Os coinne na géige ísle sin, tá carnán beag luathrí, san áit a ndearnadh an iomad tinte campa; agus tá an ghéag úd caite mín san áit a ndearna fir suíochán di.

*Mall tráthnóna amháin, le hiarbhrothall an lae, d'éirigh feothan agus ghluais i measc na nduilleog. Bhí scáil na crónachana ag téaltú suas na learga ionsar mhullaí na gcnoc. Ar an scairbh ghainimh bhí na coiníní ina suí go ciúin mar a bheadh dealbha beaga ann a shnoífi as cloch liath. Agus ansin, i lár an chiúnais, tháinig troistneach ón aird a bhfuil bealach mór an stáit — trup coiscéimeanna ar dhuilleoga briosca seiceamair. Theith na coiníní go ciúin a chuardach áit folaigh. D'éirigh corr éisc go saothrach san aer agus ghread léi síos an abhainn. Thit marbhchiúnas a mhair ar feadh meandair nó gur nocht beirt fhear ag béal an chosáin gur tháinig amach ar an réiteach os comhair na linne glaise.

Bhí siad i ndiaidh siúl anuas an cosán, fear ar lorg an fhir eile, agus go fiú amuigh ar an réiteach nár fhan fear acu taobh thiar den fhear eile. Bhí briste deinime orthu beirt, hata dubh garbh de chruth agus cóta deinime fá chnaipí práis, agus bhí cornán teann plaincéad crochta thar a ghualainn ag gach aon fhear acu. Fear beag gasta a bhí sa chéad fhear, é beoshúileach, snuadhórcha agus ceannaithe láidre snoite air. Bhí gach ball de grinnsnoite — lámha mionda láidre air, sciatháin thanaí, srón chaol chnámhach. An té a bhí taobh thiar de, ba é glanmhalairt an fhir bhig é; fear millteanach mór a bhí ann, aghaidh air ar dheacair a rá cé acu leathan nó caol í, agus súile móra tláithe aige; bhí guailí leathana croma air agus dóigh siúil aige a bhí spadánta trom, é ag

*Gheobhfar eolas faoi phointí teanga, faoi fhocail a litrítear go neamhchaighdeánach agus faoi ghnéithe sainiúla de 'chaint na gearachtar' sa Nóta ón Aistritheoir i ndeireadh an leabhair, ar lch 154.

tarraingt na gcos de bheagán mar a tharraingíonn an béar a lapaí. Ní ag luascadh lena thaobh a bhí na sciatháin aige ach ar sileadh síos leis.

Stad an chéad fhear nuair a tháinig sé amach ar an réiteach; tháinig sin gan choinne ar an fhear a bhí sna sála aige agus ba bheag nár thit sé amach thairis. Bhain an chéad fhear de a hata, bhain líne an allais dá chlár éadain le cuimilt dá chormhéar agus theilig an braon den mhéar. An dara fear — an fear mór — chaith sé a chuid plaincéad ar an talamh, chaith sé é féin ar a bhéal is ar a shrón ar bhruach na linne glaise agus thosaigh a dh'ól an uisce; ag ól de gháilleoga móra a bhí sé agus é ag srónfaigh san uisce mar a dhéanfadh capall. Chuaigh an fear beag anonn a fhad leis go neirbhíseach.

‘A Lennie!’ ar seisean go géar. ‘A Lennie, a dhuine! In ainm Dé, ná hól a oiread!’

Lean Lennie air ag ól agus gach aon sraoth aige san uisce. Chrom an fear beag thairis agus chroith ar an ghualainn é.

‘A Lennie! Beidh tú tinn arís, go díreach mar a bhí aréir.’

Leis sin thum Lennie a cheann san uisce, hata agus deireadh. D’éirigh sé ansin agus shuigh suas ar an bhruach; bhí an t-uisce ag sileadh dá hata, síos ar a chóta gorm agus síos lena dhroim.

‘Ó, tá sin maith,’ ar seisean. ‘Ól thusa deoch, a George. Ól deoch mhaith mhór.’

Bhí aoibh shásta air.

Scaoil George de a chornán agus d’fhág uaidh go réidh ar an bhruach é.

‘Tá mé in amhras an bhfuil an t-uisce sin glan,’ ar seisean. ‘Tá cuma cineál screamhach air.’

Sháigh Lennie a chrág san uisce agus chorraigh sé na méara go ndearna scaileoga beaga ar chraiceann an uisce. Leath cuilithíní ina bhfáinní anonn go dtí an bruach agus ar ais anall. Choimhead Lennie iad.

Amharc, a George! Amharc an rud a rinne mé!’

Chuaigh George ar a ghogaide ar bhruach na linne agus d'ól sé deoch, de bhoiseoga gasta.

'Tá blas maith go leor air,' a d'admhaigh sé. 'Ach níl cuma air go bhfuil sruth ceart san uisce. Ná hól choíche uisce ar bith ach an t-uisce a bhfuil sruth ann, a Lennie,' ar seisean, mar a shílfeadh sé gur bheag ab fhiú dó bheith ag caint. 'D'ólfá as clais na sráide dá mbeadh do sháith tarta ort.'

Chaith sé boiseog uisce ar a aghaidh agus chuimil thart é lena lámh, faoina smig agus ar chúl a mhuiníl. Agus ansin chuir sé a hata ar ais ar a cheann, d'aistrigh a thóin siar ón bhruach, tharraing chuige a ghlúine agus choinnigh i ngreim iad le snaidhm dhá lámh. Bhí Lennie ag coimhead air seo agus rinne sé féin cruinnaithris ar George. Bhog sé a thóin siar, chúb isteach na glúine agus tharraing chuige iad lena dhá lámh; agus d'amharc sé anonn ar George go bhfeiceadh sé an raibh seo déanta mar ba cheart aige. Ansin d'ísligh sé a hata beagán, anuas os cionn na súl, go díreach mar a bhí hata George.

Stán George go gruama ar an uisce. Bhí imeall a chuid súl dearg ó dhoirteadh na gréine. Labhair sé go feargach:

'Damnú ar an tiománaí bus sin — thiocfadh linn a bheith leis i rith an bhealaigh chun an rainse dá mbeadh fios a ghnoithe aige. "Arú, níl le a ghabháil agaibh ach giota beag síos an bealach mór," a dúirt sé. "Giota beag, go díreach." Damnú go raibh suas le ceithre mhíle ann. Char mhian leis stopadh ag geafta an rainse, sin an rud. Rófhalsa a bhí sé le tarraingt isteach. Nach breá nach bhfuil sé rófhalsa le stopadh in Soledad ar chor ar bith! Sinn a chaitheamh ar thaobh an bhealaigh mhóir. "Giota beag síos an bealach mór." Damnú air, bhail. Caithidh sé go raibh níos mó ná ceithre mhíle ann, leoga. Agus an teas creathnach!'

D'amharc Lennie anonn go faiteach air:

'A George?'

'Sea, caidé atá tú a iarraidh?'

'Cá bhfuil muid ag gabháil, a George?'

Shrac an fear beag anuas duilleog a hata agus d'amharc anonn go gairgeach ar Lennie.

'An bhfuil dearmad déanta de sin cheana féin agat? An gcaithfidh mé a inse arís duit, an gcaithfidh? 'Íosa Críost, is tú an bobaide mire.'

'Rinne mé dearmad de,' arsa Lennie go ciúin. 'Thug mé iarraidh ar gan dearmad a dhéanamh de. M'anam le Dia, a George, go dtug.'

'Maith go leor ... maith go leor. Inseochaidh mé duit arís anois é. Dheamhan dadaidh eile le déanamh agam, cé bith. Bheadh sé comh maith agam mo chuid ama uilig a chaitheamh ag inse rudaí duit — mise ag inse, tusa ag déanamh dearmad de ach an rud, mise ag inse arís duit.'

'Rinne mé mo dhícheall cuimhneamh air ... rinne, muise,' arsa Lennie, 'ach cha raibh gar domh ann. Ach tá cuimhne agam ar na coiníní, a George.'

'Scrios ar na coiníní céanna. Sin a dtig leat cuimhneamh air, na coiníní sin. Sea, bhail ... anois, éist leis seo, agus an iarraidh seo ná déan dearmad de nó tarraingeochaidh tú trioblóid orainn. An bhfuil cuimhne agat ar bheith i do shuí sa chlais ar Shráid Howard ag coimhead ar an chlár dubh adaí?'

Tháinig aoibh mhór lúcháireach ar Lennie:

'Ó, cinnte, a George, is cuimhin liom sin ... ach ... caidé a rinne muid ina dhiaidh sin? Is cuimhin liom go dtáinig scaifte cailín thart agus ... agus dúirt tusa...'

'Dheamhan a miste caidé a dúirt mé. An cuimhin leat a ghabháil isteach toigh Mhurray agus Ready? An cuimhin leat go dtug siad cárdaí oibre dúinn agus dhá thicéad bus?'

'Ó, cinnte, a George, is cuimhin liom anois é.'

Ar an bhomaite sin sháigh sé a lámha síos i bpócaí taoibhe a chóta. Ar seisean go ciúin:

'A George,... níl mo chárda oibre agam ... caithidh sé gur chaill mé é.'

Chrom sé a cheann, le héadóchas, agus d'amharc ar an talamh. 'Cha raibh aon cheann agat, a bhobaide mire. Tá an dá chárda anseo agamsa.' Déanamh go ligfinn duit do chárda oibre féin a iompar?'

Rinne Lennie leafa gáire, le teann faoisimh.

'Shíl mé ... shíl mé go raibh sé agam i mo phóca taoibhe.'

Agus siúd lena lámh isteach sa phóca ar ais.

D'amharc George go géar air.

'Caidé sin atá tú i ndiaidh a bhaint as do phóca?'

'Níl a dhath ar bith i mo phóca,' arsa Lennie go glic.

'Tá a fhios agam nach bhfuil. I do lámh atá sé. Caidé atá i do lámh agat ... i bhfolach?'

'Níl a dhath agam, a George. M'fhocal duit.'

'Seo, domh anseo é!'

Choinnigh Lennie a lámh druidte agus amach go maith as fad sciatháin George.

'Níl ann ach luchóg, a George.'

'Luchóg? An bhfuil sí beo?'

'A ... a ... níl. Luchóg mharbh, go díreach, a George. Chan ea gur mharbh mé í ná a dhath. Tháinig mé uirthi ... ina luí marbh.'

'Tabhair domh anseo í!' arsa George.

'Á, lig domh í a choinneáil, a George.'

'Domh í, a deirim!'

Ghéill lámh dhruide Lennie go fadálach. Rug George ar an luch agus chaith uaidh í isteach sa scrobarnach a bhí ar an bhruach thall.

'Caidé an gnoithe atá agat le luchóg mharbh, cé bith?'

'Bhí mé ábalta a bheith á slíocadh le m'ordóg agus sinn ag siúl,' arsa Lennie.

'Bhail, cha bhíonn tú ag slíocadh luchóg ar bith agus tú sa tsiúl liomsa. Anois, abair seo liom ... an cuimhin leat cá bhfuil muid ag gabháil?'

Tháinig an cheist gan choinne ar Lennie. Chomh luath agus

a chuaigh sí abhaile air, leag sé a cheann ar a ghlúine le haiféaltas.

‘Tá dearmad déanta agam de, arís.’

‘Íosa Críost!’ arsa George, mar a bheadh a chuid foighne chóir a bheith caite. ‘Éist, bhail ... tá muid ag gabháil a dh’obair ar rainse den chineál a raibh muid ag obair air síos an tír.’

‘Síos an tír?’

‘Sea. In Weed.’

‘Ó, sea. Is cuimhin liom. In Weed.’

‘An rainse a bhfuil muid ag tarraingt air, tá sé tuairim a’s ar cheathrú míle taobh thíos dinn anseo. Rachaidh muid a chaint leis an bhas. Anois, éist go cúramach liom! Bhéarfaidh mise dó na cárdaí oibre agus ná habair thusa focal — seasaigh ansin agus ná habair focal ar bith. Má gheibh sé amach go bhfuil cearr bheag ort, chan fhaigheann muid jab ar bith. Ach má tchí sé ag obair thú sula gcluine sé ag caint thú, beidh linn. An dtuigeann tú sin anois?’

‘Tuigim ... tuigim, cinnte, a George.’

‘Maith go leor, bhail. Anois, nuair a rachaidh muid a chaint leis an rainséir, caidé a dhéanfaidh tú?’

‘Dhéanfaidh ... dhéanfaidh mé....’

Smaoinigh Lennie. Rígh an aghaidh aige ar mhéad is a smaoinigh sé.

‘Chan abraim dadaidh. Tá mé ag gabháil a sheasamh ansin i mo thost.’

‘Maith an fear. Tá sin ar dóigh. Anois, abair sin dhó nó trí de iarratacha sa dóigh nach ndéan tú dearmad de.’

Chuaigh Lennie a dhrandán leis féin go deas bog:

‘Chan abraim dadaidh ... chan abraim dadaidh ... chan abraim dadaidh.’

‘Maith go leor,’ arsa George. ‘Agus níl tú ag gabháil a dhéanamh a dhath as cosán, noí* níl, mar a rinne tú thíos in Weed?’

*‘noí’ = *ar ndóigh*

‘Mar a rinne mé in Weed?’ arsa Lennie, mar a bheadh an cheist i ndiaidh mearbhall a chur air.

‘Tchím, bhail. Ab ea go bhfuil dearmad déanta agat de sin, fosta? Eá? Bhail, níl rún agam a chur i gcuimhne duit, ar eagla go ndéanfá arís é.’

Shorchaigh gnúis Lennie nuair a tháinig an chuimhne chuige faoi dheoidh, agus phléasc sé chun béil go caithréimeach:

‘Cuireadh an ruaig orainn amach as Weed!’

‘Dheamhan ar cuireadh,’ arsa George, le samhnas, ‘is é rud ab éigean dúinn teitheadh. Tháinig siad sa tóir orainn, ach char éirigh leofa a theacht suas linn.’

Chuaigh Lennie a scige dó féin go sásta.

‘Ó, cha raibh dearmad déanta agam de sin,’ mise á rá leat.’

Lugh George siar ar an ghaineamh agus chuir sé a dhá lámh trasna ar a chéile faoina cheann. Rinne Lennie aithris air agus d’amharc sé i leataobh ar George go bhfeiceadh sé an raibh sé á dhéanamh mar ba cheart.

‘Dia ’ár sábháil, níl ionat ach crá croí,’ arsa George. ‘Is orm a bheadh an dóigh shocair shásta ach go bé go mbíonn tusa fán ruball agam i dtólamh. Sea muise, bheadh saol deas réidh agam, agus b’fhéidir leoga go mbeadh cailín agam.’

D’fhan Lennie ina luí ina thost go ceann tamaill. Agus ansin labhair sé go dóchasach:

‘Tá muid ag gabháil a dh’obair ar rainse, a George.’

‘Tá. Tá an méid sin tuigte agat. Ach tá muid ag gabháil a chodladh anseo anocht — tá siocair mhaith agam leis.’

Bhí sé ag dul ó sholas go gasta. Bhí an ghrian i ndiaidh éalú as radharc an ghleanna agus ní raibh de sholas ar talamh ach an loinnir a bhí i mullaí Shléibhte Gabilan. Tháinig nathair uisce ag seoladh ar chraiceann na linne agus a cloigeann in airde aici mar a bheadh peireascóp beag ann. Chuaigh an chuiscreach ar crith faoi shruth na habhann. Amuigh thuas in aice an bhealaigh mhóir, lig fear scairt agus lig fear scairt ar ais air. Tháinig, agus

d'imigh, leoithne bheag ghaoithe a bhain sioscadh as géaga na gcrann seiceamair.

'A George, nó nach bhfuil muid faoi choinne a ghabháil chun an rainse agus ár suipéar a fháil? Beidh suipéar ansin acu.'

Thiontaigh George ar a shleasluí.

'Níl muid ag gabháil a bhogadh as seo anocht. Agus dheamhan a miste duitse cad chuige. Is maith liom an áit seo. Rachaidh muid a dh'obair amárach. Chonaic mé innill bhualte ar an bhealach aníos dúinn.' Sin le rá go mbeidh muid ag bocáil málaí gráin — obair throm. Beidh muid ag cur ár gcaoláin amach. Sea, tiocfaidh sin luath go leor. Ach anocht, tá mé ag gabháil a luí anseo ag amharc in airde. Is deas é!'

D'éirigh Lennie aniar go raibh sé ar a ghlúine agus d'amharc sé síos ar George.

'Nó nach mbeidh suipéar ar bith againn?'

'Nach cinnte go mbeidh suipéar againn — má chruinníonn tusa dornán cipíní de chríonach sailí. Tá trí stán pónairí i mo bhunal agam. Déan thusa tine. Bhéarfaidh mise lasóg duit nuair a bheas deireadh réidh agat. Ansin téifidh muid na pónairí agus beidh ár suipéar againn.'

Arsa Lennie:

'Is maith liom anlann trátaí ar mo chuid pónairí.'

'Bhail, níl anlann trátaí ar bith againn. Seo, gabh agus faigh an connadh sin! Agus ná déan ábhaillí ar bith — tá sé chóir a bheith dorcha.'

D'éirigh Lennie ina sheasamh go mágach. Agus siúd ar shiúl é isteach sa scrobarnach go ndeachaigh sé as amharc. D'fhan George ina luí san áit a raibh sé agus é ag feadalaigh dó féin go séimh sásta. D'éirigh trup spleiseanna giota síos an abhainn sa treo a ndeachaigh Lennie. Stad George den fheadalach agus chuir sé cluas le héisteacht air féin.

'An créatúr bocht,' ar seisean de ghuth bhog, agus chuaigh sé ar ais a fheadalaigh.

Chuaigh cupla bomaite thart. Agus seo amach Lennie as an scrobarnach, é ag réabadh ceann ar aghaidh. Bhí cipín beag amháin sailí leis ina lámh.

D'éirigh George aniar. Labhair sé go grod:

'Seo, tabhair domh an luchóg sin!'

Ba gheall le geamaireacht na gothaí móra neamhchorthachta a chuir Lennie air féin.

'Luchóg! Cén luchóg, a George? Níl luchóg ar bith agam.'

Shín George amach a lámh.

'Seo, tabhair domh í. Níl tú faoi choinne cluain a chur ormsa.'

Sheas Lennie ansin agus é idir dhá chomhairle. Chuaigh sé ar lorg a chúil agus d'amharc thart go fiáin ar imeall na scrobarnaí amhail is dá mbeadh sé ag smaoineamh ar theitheadh.

Labhair George go fuar:

'An bhfuil tú faoi choinne an luchóg sin a thabhairt domh nó an mbeidh orm smitín a bhualadh ort?'

'Caidé seo atá tú a iarraidh, a George?'

'Tá a fhios agat go damanta maith caidé atá mé a iarraidh. Tabhair domh an luchóg sin.'

Sháigh Lennie a lámh síos ina phóca. Ba drogallach a rinne sé é. Tháinig snag ina ghuth:

'Níl a fhios agam cad chuige nach bhfuil cead agam í a choinneáil. Chan le aon duine í. Chan ea gur ghoid mé í ná a dhath. Fuair mé ina luí ar ghruaimhín an bhealaigh mhóir í.'

Bhí a lámh sínte amach go ceannascach ag George i rith an ama. Tháinig Lennie ionsair; tháinig sé giota chun tosaigh, agus theann ar gcúl ar ais agus tháinig ionsair arís. Ní thabharfá de shamhail dó ach brocaire nár mhian leis an bál a thabhairt ar ais dá mháistir. Rinne George sciorróg ghéar ordóige is méire, agus leis an trup sin d'fhág Lennie an luch ar a bhos aige.

'Cha raibh mé ag déanamh a dhath olc léithe, a George. Á slíocadh a bhí mé go díreach.'

D'éirigh George ina sheasamh agus chaith sé an luch a fhad

uaidh agus a tháinig leis, amach i leathdhorchadas na scrobarnaí. Agus ansin chuaigh sé síos chun na linne agus nigh sé a lámha.

‘A uascáin mhóir. An raibh tú ag déanamh nach bhfeicfinn go raibh do chosa fliuch ó ghabháil trasna na habhna?’

Chuala sé snagaireacht ghoil Lennie, agus thiontaigh sé ionsair de rúchladh.

‘Amharc ort ... ag plubarsaigh chaointe mar a bheadh leanbh ann!’ Íosa Críost! Boc mór mar thú.’

Chuaigh liobar íochtarach Lennie ar crith agus chruinnigh na deora ina shúile.

‘Arú, a Lennie!’

Leag George a lámh ar ghualainn Lennie.

‘Ar mhaithe leat féin a bhain mé díot í. Níl an luchóg sin úr, a Lennie. Agus rud eile de, bhris tú a droim nuair a chuaigh tú a pheataíocht léithe. Má gheibh tú luchóg eile — ceann beo — ligfidh mé duit í a choinneáil agat tamall beag.’

Shuigh Lennie faoi ar an talamh agus chrom sé a cheann go díomuach.

‘Níl a fhios agam cá bhfaighinn luchóg eile. Is cuimhin liom gur ghnách le bean iad a thabhairt domh — ach an cheann dá bhfaigheadh sí. Ach níl a fhios agam cá bhfuil an bhean sin anois.’

Rinne George draothadh gáire.

‘Bean, a deir tú? Nó nach bhfuil cuimhne agat cérbh í féin? Ba í sin d’Aint Clara. Agus is é rud a stad sí de bheith á dtabhairt duit. Bhítheá i gcónaí á marbhadh.’

Thóg Lennie a cheann agus d’amharc sé go brónach ar George.

‘Bhí siad comh beag, na créatúir,’ ar seisean go sórt buartha. ‘Théinn a pheataíocht leofa agus roimh i bhfad bhaineadh siad greim as mo mhéar, agus bhaininn liomóg bheag as a gceann agus gheibheadh siad bás — mar bhí siad comh beag.’

‘Is liom ba bhreá na coiníní sin a fháil roimh i bhfad, a George. Níl siad sin comh beag céanna.’

‘Scrios fia orthu mar choiníní. Agus cha dtig thú a thrust le luchógaí beo. Thug d’Aint Clara luchóg bheag rubair duit agus cha bhacá léithe.’

‘Ach cha raibh maith inti faoi choinne a bheith ag peataíocht léithe,’ arsa Lennie.

Chuaigh an ghrian a luí agus thréig an imir dheireanach solais mullaí na gcnoc. Leath an clapholas ar fud an ghleanna agus thosaigh an dubh a luí fríd na crainn sailí agus na crainn seiceamair. Nocht carbán mór ar bharr na linne, d’alp sé bolgam aeir agus d’éalaigh síos go diamhair sa domhain, gan de lorg ina dhiaidh ach cuilithíní beaga ag leathadh ar chraiceann an uisce. Thuas os a gcionn chuaigh duilliúr na gcrann a shiosarnaigh arís agus tháinig scothóga beaga de chanach sailí ar foluain anuas gur thuirling ar dhromchla na linne.

‘An bhfuil tú faoi choinne an connadh sin a chruinniú?’ a d’fhiafraigh George. ‘Tá neart de thiar le cúl an chrainn seiceamair sin. Snáth tuile. Bí ar shiúl agus faigh é.’

Chuaigh Lennie ar chúl an chrainn agus tháinig sé ar ais le lán a dhá lámh de bhrosna agus de dhuilleoga tirime. Chaith sé ina gcnap ar an tseancharnán luaithrí iad, agus d’imigh agus fuair tuilleadh agus tuilleadh de. Ba ghairid go mbeadh an oíche ann. Rinne eiteogach colmáin feadalach os cionn an uisce. Shiúil George a fhad leis an chnap connaidh a bhí déanta ag Lennie agus chuir sé lasóg leis na duilleoga tirime. Chuaigh an bladhaire a bhloscarnaigh sa bhrosna agus ba ghairid go raibh an tine ina bladhsach.

Ansin scaoil George amach a bhunal agus thóg amach trí stán pónairí. Chuir sé na stáin ina seasamh thart ar an tine, istigh in aice na mbladhairí ach gan iad ag teagmháil leo.

‘Tá sáith ceathrar fear de phónairí ansin,’ arsa George.

Bhí Lennie ag coimhead air ón taobh thall den tine. Ar seisean go foighneach:

‘Is maith liom anlann trátaí orthu.’

Phléasc George:

‘Nár dhúirt mé leat nach bhfuil a dhath de againn!’

Lig sé a racht amach:

‘An rud nach bhfuil againn, sin an rud a bíos tusa a iarraidh. ’Dhia uilechumhachtaigh, dá mbeinn liom féin, nach agam a bheadh an saol deas réidh. Thioctadh liom jab a fháil agus oibriú liom, gan a dhath de thrioblóid. Cha bheadh útamáil ar bith ann. Agus ag deireadh na míosa nuair a gheobhainn mo leithchéad buc,* thioctadh liom a ghabháil isteach chun an bhaile mhóir agus a chaitheamh ar mo rogha dóigh. ’Go dtiocfadh liom an oíche a chaitheamh i dteach craicinn. Thioctadh liom béile a ithe áit ar bith ba mhaith liom, i dteach ósta nó i mo rogha áit, agus a chead agam mo rogha rud a ordú. Sea, agus thioctadh liom sin uilig a dhéanamh achan uile mhí. Galún uisce bheatha a scairteadh, nó a ghabháil chuig seomra púl a dh’imirt chárdaí nó a bhualadh púl.’

Chonaic Lennie an fhearg mhillteanach a bhí ar George. Chrom sé chun tosaigh agus d’amharc trasna na tine air. Agus bhí dreach scáfar ar Lennie ar mhéad is a bhí de uamhan air.

Bhí George ar an daoraí:

‘Agus caidé atá agam? Tá tusa agam. Cha dtig leat jab a choinneáil agus is tú is ciontaí le mise achan uile jab a fhaighim a chailleadh. Tusa is cúis le mé a bheith ag teitheadh liom ar fud na tíre de shíor. Agus chan sin an rud is measa de. Bíonn tú i gcónaí i dtrioblóid inteacht. Ghní tú drochrudaí a chuireann i dtrioblóid thú, agus mise a chaitheas thú a tharraingt as an fhaopach i gcónaí.’

D’ardaigh a ghuth go dtí go raibh sé chóir a bheith ag scairtigh.

‘A bhobaide mire. Níl a fhios cá mhéad uair a leaindeáil tú sa ghríosach dhearg mé.’

Ansin tharraing sé air na gothaí aibhéalacha a bhíonn ag girseacha beaga agus iad ag aithris ar a chéile.

*‘buc’ = ‘*buck* sa Bhéarla,’ dollar

“Ó, cha raibh mé ach ag iarraidh gúna na girsí sin a mhothachtáil ... é a chuimilt, go díreach mar a dhéanfainn peataíocht le luchóg...” In ainm an diabhair, cén dóigh a mbeadh a fhios aicise nach raibh a dhíth ort ach a gúna a mhothachtáil. Tarraingídh sí siar agus coinnídh tusa do ghreim go díreach amhail a’s dá mba luchóg a bheadh agat. Screadaidh sise agus ba é a dheireadh uilig go mb’éigean dúinn an chuid eile den lá a chaitheamh i bhfolach i ndíog uisciúcháin agus fir amuigh ár gcuartú ... á, b’éigean dúinn éalódh linn san oíche agus teitheadh as an dúiche. Sin mar a bíos i gcónaí ... i gcónaí, i gcónaí. Faraor nach dtiocfadh liom thú a chur i gcása le scaoth shíoraí luchógaí agus a chead a bheith agat do rogha méid peataíochta a dhéanamh leofa.’

Thráigh an fhearg ann go tobann. Is é rud a d’amharc sé anonn ar Lennie, agus chonaic sé an aghaidh chéasta a bhí air. Ghabh náire é agus d’amharc sé ar ais ar na bladhairí.

Bhí sé dorcha i gceart faoin am seo ach bhí tamhain agus craobhacha cuara na gcrann le feiceáil go fóill faoi sholas na tine. Tháinig Lennie ag lámhacán go fadálach faichilleach thart leis an tine nó gur tháinig sé a fhad le George. Shuigh sé ar a ghlúine beaga. Thiontaigh George na stáin phónairí sa dóigh go raibh taobh eile díobh leis an tine. Lig sé air féin nár mhothaigh sé Lennie ag teacht cóngarach dó.

‘A George,’ arsa Lennie go suaimhneach.

Níor labhair George.

‘A George!’

‘Caidé atá tú a iarraidh?’

‘Cha raibh mé ach ag magadh, a George. Níl anlann trátaí ar bith a dhíth orm. Dheamhan a n-íosfainn de dá mbeadh sé anseo i mo lámh agam.’

‘Dá mbeadh a dhath de agam, thiocfadh leat cuid a bheith agat.’

‘Ach chan íosfainn cuid ar bith de, a George. D’fhágfainn

an t-iomlán léir agat féin. Thiocfadh leat do chuid pónairí a chumhdú leis agus cha bhlaissinn féin ar chor ar bith de.'

D'amharc George go gruama ar an tine.

'Nuair a smaointím ar an am bhreá a thiocfadh liom a bheith agam ach go bé go bhfuil tusa liom, is beag nach n-imím le craobhacha. An bhfuil a fhios agat, chan fhaighim suaimhneas ar bith.'

Bhí Lennie ar a ghluine beaga go fóill. D'amharc sé uaidh trasna na habhann amach sa dorchadas.

'A George,' ar sé, 'ar mhaith leat mé imeacht uait agus thú a fhágáil leat féin?'

'C'áit sa diabhal a rachfá?'

'Ó, thiocfadh liom imeacht. Thiocfadh liom imeacht liom amach an cnoc sin thuas. Thiocfainn ar uamhach in áit inteacht.'

'An dtiocfá, muise? Agus caidé a d'íosfá? Níl do sháith meabhrach agat le a theacht ar bhia.'

'Thiocfainn ar rudaí, a George. Thig liom déanamh gan bia deas, gan anlann trátaí. Luífinn amuigh faoin ghrian agus cha ghortóchadh aon duine mé. Agus dá dtiginn ar luchóg thiocfadh liom í a choinneáil agam. Cha bhainfeadh aon duine díom í.'

D'amharc George go gasta agus go grinn air:

'Bhí mé gránna leat, nach raibh?'

'Mura bhfuil tú do m'iarraidh thig liom imeacht liom amach sna cnoic agus uamhach a chuartú domh féin. Thig liom imeacht am ar bith.'

'Arú, éist! Cha raibh mé ach ar son grinn, a Lennie. Fan agam, cinnte, nó sin an rud ba mhaith liom. Dheamhan ar mhiste fá na luchógaí sin ach go díreach go mbíonn tú i gcónaí á marbhadh.'

Rinne sé moill.

'An bhfuil a fhios agat caidé a dhéanfaidh mé, a Lennie? An chéad áiméar a gheobhaidh mé, bhéarfaidh mé coileán duit. B'fhéidir nach mairbhfeá é sin comh gasta céanna. B'fhéarr i

bhfad coileán ná na luchógaí sin. Agus thiocfadh leat slíocadh níos cruaidhe a dhéanamh air.'

Níorbh fhéidir Lennie a mhealladh. Mhóthaigh sé gurbh aige féin a bhí an lámh in uachtar.

'Mura bhfuil tú do m'iarraidh, níl le déanamh agat ach sin a rá, agus imeochaidh mise liom amach an cnoc sin thuas agus dhéanfaidh mé cónaí liom féin. Agus cha bhíonn aon duine ag goid mo chuid luchógaí.'

Arsa George ansin:

'Ba mhaith liom tú fanacht agam, a Lennie. 'Íosa Críost, dá mbeifeá leat féin amuigh ansin, is é rud a scaoilfí thú mar a dhéanfaí le madadh allta. Fan agam, a deirim leat. Cha dtaitneochadh sé ar chor ar bith le d'Aint Clara — cé gur ar shlua na marbh atá sí — cha dtaitneochadh sé léithe tú imeacht uaim leat féin mar sin.'

Labhair Lennie go cílonta:

'Inis arís domh é — mar a d'inis tú roimhe domh é.'

'Inis caidé duit?'

'Inis domh fá na coiníní.'

Bhris ar an fhoighne ag George:

'Chan dóithín réidh duit mise.'

Chuaigh Lennie a dh'impí air:

'Ach, a George, le do thoil, inis é! Le do thoil, a George, le do thoil! Mar a d'inis tú roimhe é!'

'Baineann tú sásamh ar dóigh as sin, eá? Maith go leor — inseochaidh mé duit fá na coiníní, agus ansin íosfaidh muid ár suipéar.'

Thosaigh George — bhí a ghuth níos toille anois, agus tháinig na focail leis go rithimiúil amhail is dá mbeadh na focail chéanna ráite aige go mion minic roimhe:

'Boic cosúil linne a bíos ag obair ar na rainsí, tá siad ar na daoine is uaigní ar an tsaol. Níl teach ná teaghlach acu. Níl baile acu. Thig siad a dh'obair ar rainse agus oibríonn siad leofa go

ndéan siad suas scór, agus ansin théid siad isteach chun an bhaile mhóir ar an drabhlás, agus taobh istigh de thamall ghairid siod iad ag sracadh leofa ar rainse inteacht eile. Níl a dhath ar an tsaol acu le hamharc rompu air.’

Bhí Lennie sa ghlóir.

‘Sin é — sin anois é! Inis anois fán dóigh atá orainne.’

Choinnigh George air:

‘Chan mar sin dúinne é. Tá séan agus sonas romhainn. Tá duine againn lenár gcomhrá a dhéanamh leis, duine ar miste leis fá dtaobh dinn. Chan fheiceann tú muidinne inár suí i dteach an óil ag diúgadh an stuif chruaidh as siocair nach bhfuil an darna háit againn le tarraingt air. Más é an chríoch a bheas ar na boic eile sin cillín príosúin, dheamhan a miste le aon duine fá dtaobh de sin — a chead acu lobhadh ansin. Chan mar sin dúinne é.’

Tháinig Lennie roimhe:

‘Chan mar sin dúinne é! Agus cad chuige? As siocair ... as siocair go bhfuil tusa agam le hamharc i mo dhiaidh ... agus mise agatsa le hamharc i do dhiaidhse, sin an tuige.’

Lig sé scairt gháire as le tréan lúcháire.

‘Anois, a George, coinnigh ag gabháil!’

‘Tá sé agat féin de ghlanmheabhair. Thig leat féin a inse.’

‘Cha dtig, cha dtig. Inis thusa é! Ghnímse dearmad de chuid de na rudaí. Inis anois caidé mar a bheas rudaí.’

‘Maith go leor. Lá inteacht — nuair a bheas cnap beag deas airgid déanta againn — ceannóchaidh muid teach beag dúinn féin agus cupla acra, agus beidh bó bhainne againn agus cupla muc, agus beidh...’

‘*Agus beidh muid beo ar mhéith na tíre,*’ a scairt Lennie. ‘Agus beidh *coiníní* againn. Coinnigh ag gabháil, a George. Inis deireadh ... na rudaí a bheas ag fás sa ghárradh againn agus na coiníní sna cléibh, agus an fhearthainn sa gheimhreadh, agus an tsornóg, agus an t-uachtar ar an bhainne ... é comh ramhar agus nach mó ná go ngearrfá le scian é. Inis sin, a George.’

‘Cad chuige nach n-inseann tú féin é? Tá a fhios agat féin uilig é.’

‘Inis thusa é, a George. Is fearr i bhfad thusa á inse. Abair leat, a George ... inis ... sea, gur mise a bheas ag giollacht na gcoiníní.’

‘Bhail,’ arsa George, ‘beidh ceapach bhreá ghlasaí againn, agus scaifte coiníní agus scaoth cearc. Agus sa gheimhreadh, am ar bith a dtiocfaidh an fhearthainn déarfaidh muid, “bíodh aige mar obair!” agus cuirfidh muid síos craos tineadh sa tsornóg agus suffidh muid thart ag éisteacht leis an fhearthainn ag stealladh ar an díon — Dearg-amaidí!’

Tharraing sé amach a scian phóca.

‘Níl an t-am agam le cur amú leis an amaidí seo.’

Sháigh sé an scian sa bharr ar cheann de na stáin, riteáil thart gur scoith sé an barr den stán, agus shín an stán anonn chuig Lennie. D’oscail sé stán eile ansin. Bhain sé dhá spúnóg as póca taoibhe agus shín ceann acu anonn chuig Lennie.

Shuigh siad ansin de chois na tine, líon siad a mbéal le pónairí agus chogain leo go millteanach. Shleamhnaigh cupla pónaire amach ar thaobh a bhéil ar Lennie.

Ghotháil George lena spunóg.

‘Caidé atá tú ag gabháil a rá amárach nuair a thoiseochas an bas a cheastóireacht ort?’

Stad Lennie de chogaint agus shlog sé an méid a bhí ina bhéal. Bhí a aghaidh teann rite.

‘Cha ... chan abraim ... dadaidh.’

‘Maith an buachaill! Tá sin ar dóigh, a Lennie. B’fhéidir go bhfuil tú ag gabháil i bhfeabhas. Nuair a gheobhaidh muid na cupla acra, thig liom ligint duit a bheith ag giollacht na gcoiníní, ceart go leor. Go háirithe má bhíonn do chuimhne comh maith sin.’

Bhí tocht ar Lennie ar mhéad is a bhí de bhród air.

‘Tá mé ábalta cuimhneamh ar rudaí,’ ar seisean.

Rinne George comhartha arís lena spunóg.

‘Amharc anois, a Lennie. Amharc thart fá dtaobh díot anseo. Beidh tú ábalta cuimhneamh ar an áit seo, nóí beidh? Ceathrú míle síos an bealach sin atá an rainse. Níl le déanamh agat ach an abhainn a leanstan.’

‘Cinnte, thig liom cuimhneamh air sin. Nár chuimhnigh mé nach bhfuil mé in ainm dadaidh a rá?’

‘Chuimhnigh tú, ar ndóigh. Seo, éist liom anois! A Lennie, ... má tharlaíonn go gcastar i dtrioblóid arís thú, an dóigh ar tharla i gcónaí roimhe seo duit, ba mhaith liom tú a theacht anseo agus a ghabháil i bhfolach sa scrobarnach.’

‘A ghabháil i bhfolach sa scrobarnach,’ arsa Lennie go fadálach.

‘Sea, a ghabháil i bhfolach sa scrobarnach agus fanacht ann go dtige mise faoi do choinne. An gcuimhneochaidh tú air sin?’

‘Cuimhneochaidh, cinnte, a George. A ghabháil i bhfolach sa scrobarnach go dtí go dtiocfaidh tú.’

‘Ach ar ndóigh níl tú ag gabháil a tharraingt trioblóid ar bith, nó má tharraingíonn cha ligim duit a bheith ag giollacht na gcoiníní.’

Chaith sé an stán folamh amach uaidh isteach sa scrobarnach.

‘Cha bhaineann trioblóid ar bith domh, a George. Níl mé ag gabháil a rá focal ar bith.’

‘Maith go leor, bhail. Tabhair do bhunal anall anseo in aice na tineadh. Beidh sé deas a bheith inár gcodladh anseo. Ag amharc in airde. Sea, agus na duilleogaí. Ná cuir tuilleadh connaidh ar an tine, a Lennie. Ligfidh muid as í.’

Rinne siad a leaba ar an ghaineamh. De réir mar a d’ísligh an bladhaire ar an tine, laghdaigh ar an sféar solais; chuaigh craobhacha cuara na gcrann as amharc agus ní raibh le feiceáil ach na tamhain, agus sin ar éigean, faoin léaró bheag fhann.

Siúd anois an guth sa dorchadas — guth Lennie:

‘A George, an bhfuil tú i do chodladh?’

‘Chan fhuil. Caidé atá ag cur chaite ort?’

‘Ba chóir dúinn coiníní ar dhathanna éagsúla a fháil, a George.’

‘Nach cinnte go bhfaighidh,’ arsa George go codlatach. ‘Coiníní dearga agus gorma agus glasa, a Lennie. Na scaoite acu.’

‘Na coiníní sin a mbíonn an fionnadh fada trom orthu, a George, cosúil leis na coiníní a chonaic mé ar aonach Sacramento.’

‘Cinnte, a Lennie, níl bualadh amach ar na ceanna fionnaitheacha.’

‘Nó b’fhurast domh imeacht liom, a George, agus cónaí in uamhach.’

‘B’fhurast duit a ghabháil toigh an diabhair,’ arsa George. ‘Bí i do thost anois.’

Shíothlaigh an deirge sna haibhleoga. Amuigh thuas ar an chnoc, os cionn na habhann, lig caiótae uail as agus d’fhreagair madadh é ar thaobh an ghleanna den abhainn. Tháinig aithleá gaoithe agus chuaigh duilliúr na gcrann seiceamair a chogarnaigh.

II

Foirgneamh fada dronuilleogach a bhí sa bhotaí. Bhí na ballaí aoldaithe ar an taobh istigh de, agus an t-urlár gan phéinteáil. Bhí fuinneoga beaga cearnógacha i dtrí cinn de na ballaí, agus sa bhalla eile bhí doras daingean a raibh laiste adhmaid air. De chois na mballaí bhí ocht gcinn de leapacha bunc, cúig cinn acu fá phlaincéid, cóirithe, agus na trí cinn eile lom fána n-éadach tochta heiseáin. Os cionn gach aon bhunc bhí sean-úllchráta tairneáilte den bhalla, a bhéal amach sa dóigh go ndearna sé dhá sheilf ar a gcoinníodh an fear ar leis an bunc a chuid cleathainsí. Agus bhí na seilfeanna sin lán mionáirgí agus giuirleídí — sópa, púdar talcaim agus rásúir, agus na hirísí Buachaillí Bó sin ar breá le fir rainse bheith á léamh agus ag magadh fúthu ach a bhfuil an-chreideamh acu iontu, faoi rún. Bhí cógais ar na seilfeanna, agus fiala agus cíora; agus corrcharbhat crochta ar thairní ar thaobh cuid de na bocsaí. Le taobh balla amháin bhí sornóg iarainn theilgte dhubh, agus píopa an tsimléara ag síneadh